**AN tACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE 2007 (ARNA LEASÚ) - ALT 56(16)**

**ORDÚ ARNA DHÉANAMH AG UISCE ÉIREANN FAOI AGUS DE BHUN ALT 56(16) DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE 2007 (ARNA LEASÚ)**

Agus Uisce Éireann den tuairim go bhfuil easnamh tromchúiseach uisce ann atá ar fáil le dáileadh nó gur dhócha go mbeidh easnamh den sórt sin ann i Limistéar Iarthar Chorcaí (de réir mar atá taispeánta sa léarscáil in Aguisín 1 leis an Ordú seo).

**ORDAÍONN SÉ LEIS SEO** faoi agus de bhun Alt 56(16) den Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 (arna leasú) go mbeidh toirmeasc ar úsáid uisce, don tréimhse atá leagtha amach thíos agus sa limistéar (sna limistéir) atá leagtha amach thuas, arna sholáthar ag Uisce Éireann maidir le gach aicme úsáide atá leagtha amach i gColún 1 thíos le haghaidh thréimhse 4 seachtaine suas go dtí an 26 Meán Fómhair 2022. Má leanann an aimsir atá ann faoi láthair ar aghaidh, mar aon leis an easpa uisce thromchúiseach a bheadh nó a bheidh ar fáil le dáileadh amach, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an tréimhse toirmisc seo a shíneadh ar feadh tréimhse bhreise shonraithe, trí bhíthin ordú breise de bhun an Achta um Sheirbhísí Uisce 2007 (arna leasú).

| COLÚN 1 | COLÚN 2 |
|---|---|
| **ÚSÁID THOIRMISCTHE** | **TRÉIMHSE SHONRAITHE** |
| **Úsáid uisce a tarraingítear trí phíobán nó trí ghaireas dá shamhail chun –**<br>i. uisce a chur ar 'ghairdín';<br>ii. mótarfheithicil phríobháideach a ghlanadh trí úsáid a bhaint as píobán<br>iii. bád pléisiúir a ghlanadh trí úsáid a bhaint as píobán<br>iv. linn snámha nó linn lapadaíola tí a líonadh nó a chothabháil **(ach amháin má bhaintear úsáid as coimeádán láimhe atá líonta díreach ón sconna)**<br>v. linn tí a líonadh nó a choimeád **(seachas linnte éisc)** trí úsáid a bhaint as píobán;<br>vi. scairdeán ornáideach a líonadh nó a chothabháil **(taobh amuigh den úsáid ar mhaithe le cuspóirí tráchtála).**<br>vii. Uisce a úsáid chun linn snámha, linn saorga, loch nó feidhm chosúil a líonadh nó a athlíonadh. | **26 Meán Fómhair 2022** |

**An tréimhse shonraithe** Tagann an tOrdú seo i bhfeidhm ag 00:01 an 30 Lúnasa 2022 agus rachaidh an fheidhm a bhaineann leis in éag ag 23:59 an 26 Meán Fómhair 2022, faoi réir ag an riachtanas féideartha de thréimhse bhreise toirmisc nó srianadh a shíneadh, ag brath ar an aimsir a bheidh ann ag an am. D'fhéadfaí an t-ordú a chur ar ceal roimh an tréimhse shonraithe más féidir, ag féachaint don aimsir a bheidh ann ag an am agus d'infhaighteacht an uisce atá le

dáileadh. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach fad na tréimhse sonraithe a shíneadh agus í a chur i bhfeidhm maidir le húsáideoirí uisce eile, trí bhíthin ordú breise, má leanann an aimsir atá ann faoi láthair ar aghaidh.

Is féidir breathnú ar chóip den Ordú seo ag oifig chláraithe Uisce Éireann ag Teach Colvill, 24-26 Shráid Thalbóid, Baile Átha Cliath 1 nó tá sé ar fáil ar a shuíomh gréasáin ag https://www.water.ie/

MÁ SHÁRAÍONN DUINE AN tORDÚ SEO DÉANANN SÉ/SÍ COIR DE BHUN ALT 56(18) DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE 2007, ARNA LEASÚ, AGUS AR CHIONTÚ ACHOMAIR D'FHÉADFAÍ FÍNEÁIL NACH MÓ NÁ €5,000 A GHEARRADH AIR/UIRTHI.

Arna dhátú an 29 Lúnasa 2022

Sínithe: ....................................................................

Sínithe: ....................................................................

**Aguisín 1 le hOrdú Uisce Éireann arna dhátú an 29 Lúnasa 2022**

**Is iad na limistéir atá taispeánta i ngorm na limistéir ina bhfuil feidhm ag an Ordú seo**